

AN COMHAIRLIÚCHÁN UM CHOMHARTHAÍ DÍN TACSAÍ 2015

Cúlra

Comhlacht Stáit is ea an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) a bunaíodh faoi reacht in 2009 agus atá freagrach as rialáil earnáil na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí (BFSP), i.e. tacsaithe, tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, fruilcharranna, fruilcharranna atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, fruilcharranna agus limisíní ceantair áitiúil, mar aon lena gcuid tiománaithe, úinéirí agus seirbhísí gaolmhara. Amhail an 30 Meitheamh 2015, bhí iomlán de 21,209 BFSP ceadúnaithe do fhlít na hÉireann; tacsaithe agus tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí arbh ea 17,485 díobh agus is i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhí thart ar 60% díobh sin.

An Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Rialáil Tacsaithe

I mí Eanáir 2012, foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Rialáil Tacsaithe tar éis athbhreithniú fadréimseach a cuireadh i gcrích i gcomhréir le cinneadh Rialtais a rinneadh i mí an Mheithimh 2011. Sa Ghrúpa Athbhreithnithe, a thionóil an té a bhí ina Aire Iompair Phoiblí agus Iompair Comaitéara an tráth sin, Alan Kelly T.D., agus a bhí faoina chathaoirleacht siúd, áiríodh oibritheoirí seoltacha, tiománaithe, úinéirí feithicle agus tomhaltóirí, chomh maith le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin. Bhí an t-athbhreithniú dírithe ar ligean do thomhaltóirí muinín a bheith acu as an gcóras tacsaithe agus é á chinntiú freisin go bhféadfadh oibritheoirí agus tiománaithe dlísteanaigh, inniúla luach saothair cothrom a fháil trí oibriú faoi chreat rialála arna chur i bhfeidhm go leordhóthanach. Eascraíonn an doiciméad seo, "An Comhairliúchán um Chomharthaí Dín Tacsáí 2015", as na gníomhartha a moladh sa Tuarascáil.

Sonraítear i nGníomh 13 de Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Rialáil Tacsaithe (aistriúchán):

Dearadh a ullmhú, le haghaidh comhairliúcháin leis an tionscal, i dtaobh comhartha nua dín tacsáí atá níos lú, atá faoi réir infhaighteacht shrianta ó sholáthraithe údaráithe, agus ar ar féidir níos mó faisnéise a thaispeáint ionas go mbeidh feabhas i gceist do thomhaltóirí agus maidir le comhlíonadh. Déanfar machnamh ar úsáid á bhaint as taispeántais leictreonacha mar chuid den chomhartha dín agus ar fhéachaint chuige go seasfaidh an comhartha an aimsir chun nascadh le forbairtí amach anseo i réimse na teicneolaíochta tacsáí.

Tá an comhairliúchán seo ar chomharthaí dín tacsáí á dhéanamh mar fhreagra ar mholadh atá sa Tuarascáil Athbhreithnithe um Rialáil Tacsaithe.

Gnéithe a bhaineann le Dearadh Comhartha Dín

D'fhéadfadh rud ar bith a bheith i gceist le dearadh comhartha dín, idir comhartha simplí dín ar a mbeadh faisnéis statach agus comhartha dín idirghníomhach leictreonach nach dtaispeánfaí air ach sonraí ón gclár beo BFSP arna coimeád ag an Údarás, trí naisc chumarsáide móibílí. Fágann an dara coincheap sin go bhfuil an deis ann leas a bhaint as gnéithe "fíor-ama, le faisnéis suímh bheo" a bheadh ina gcúnamh maidir le sábháilteacht na dtiománaithe agus na bpaisinéirí araon.

I gcás dearaidh ar bith maidir le comhartha dín nua le húsáid ar thacsaithe in Éirinn, níor mhór an méid seo a leanas a bhreithniú:

- An mhéid agus an tionchar ar ídiú breosla na feithicle;
- An costas;
- An fhaisnéis atá le taispeáint ar an gcomhartha;
- Infheictheacht na faisnéise ar an gcomhartha i rith an lae agus san oíche;
- Úsáid na teicneolaíochta lena n-áirítear taispeántais leictreonacha;
- Comhsheasmhacht i dtaobh cuma agus cáilíochta;
- Marthanacht;
- Suí an chomhartha ar an bhfeithicil; agus
- Socruithe soláthair agus leibhéal an rialaithe soláthair.

Maidir leis an tionchar ar úsáid breosla na feithicle, tá faisnéis in Aguisín 1 faoi thástálacha ar bharrainneacht breosla a rinneadh ar dhá mhúnla feithicle ag baint leasa as an dearadh comhartha dín atá in úsáid faoi láthair.

Samplaí de Chomharthaí Dín Tacsáí



Dhá stíl comhartha dín atá in úsáid faoi láthair in Éirinn



Comhartha dín beag atá coitianta sa Ríocht Aontaithe





Dearadh cineálach caighdeánach comhartha dín sa Ríocht Aontaithe, atá thart ar 450mm x 150mm x 150mm



An bosca solais mór a chuimsíonn comhartha dín agus fógraí ar thacsaí buí i Nua-Eabhrac



Comhartha dín cineálach ar stíl na Gearmáine, agus é suite ar ráille dín



Comhartha digiteach leictreonach dín tacsáí ar féidir teachtaireachtaí inathraithe a chur air (a bhuíochas le "Pointguard AB Sweden")

Comhairliúchán ar Chomhartha Dín Nua

Sa doiciméad comhairliúcháin seo, cuirtear fáilte roimh aighneacht uait i ndáil le comhartha dín nua i gcomhair tacsaithe. Tá tuairimí á lorg uait faoin méid seo a leanas go háirithe:

1. An measann tú go bhfuil comhartha nua dín tacsáí ag teastáil?
2. Má mheasann tú go bhfuil comhartha nua dín tacsáí ag teastáil, luaigh aon mholtaí ar mhaith leat go ndéanfaí iad a bhreithniú le do thoil.

Ní mór d'aighneachtaí, agus iad marcáilte go soiléir leis na focail "*An Comhairliúchán um Chomhartha Dín Tacsáí*", a bheith faighte ag an Údarás faoi 5 in ar an Aoine an 18 Meán Fómhair 2015 tríd an ríomhphost nó ar an bpost chuig an seoladh thíos:

Post: Comharthaí Dín Tacsáí, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: taxiroofsign@nationaltransport.ie

D'fhéadfadh sé go gcuirfí na haighneachtaí a gheofar ar fáil don phobal agus níor chóir ach faisnéis is féidir a fhoilsiú ina hiomláine, agus an fhaisnéis sin amháin, a chur ar fáil sna haighneachtaí.

Aguisín 1: Tástálacha Barainneachta Breosla ar Chomharthaí Dín 2006

(Sliocht aistrithe as Tuarascáil ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe maidir le Caighdeáin Feithicle)

Torthaí Achoimre maidir leis an Tástáil Ghaoth-Tholláin ar Chomharthaí Dín

Rinneadh tástáil ar dhá charr i saoráid ghaoth-tholláin lánmhéid d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an chineáil comhartha dín a úsáidtear in Éirinn ar ghnéithe aeradinimiciúla foriomlána na feithicle.

Ba iad an dá charr a úsáideadh an Toyota Avensis, a mbíonn éileamh mór air mar thacsaí, carr salúin de shonraíocht 2006, agus an Toyota Prius hibrídeach, de shonraíocht 2006. Rinneadh tástáil ar an dá charr ag luas gaoithe 32km/h (20mph) agus ag 97 km/h (60mph) chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ag luas bóithre baile agus bóithre tuaithe. Rinneadh tástáil ar an dá charr gan aon phaisinéir iontu ach iad i riocht tiomána.

Tugadh faoi na tástálacha i leith cúig chumraíocht éagsúla:

Cumraíocht 1:	An bhunfheithicil, gan aon chomhartha
Cumraíocht 2:	De réir chumraíocht 1 móide comhartha dín ar thosach na feithicle
Cumraíocht 3:	De réir chumraíocht 1 móide comhartha dín ar lár an dín
Cumraíocht 4:	De réir chumraíocht 1 móide comhartha dín ar cúl na feithicle
Cumraíocht 5:	De réir chumraíocht 1 móide comhartha dín ar a fhad

Achoimre ar na torthaí don dá mhúnla

An chumhacht mheasta ón gcultarraingt thomhaiste agus an limistéar tosaigh i gcás luas bóthair 97 km/h (60mph):

Sonraíocht	Prius (kW)	Avensis (kW)
Cumraíocht 1	7.9	8.5
Cumraíocht 2	11.7	12.0
Cumraíocht 3	11.7	12.5
Cumraíocht 4	11.0	12.3
Cumraíocht 5	8.1	8.8

Is suntasach amach is amach iad na torthaí: ar an dá charr, má dhéantar an comhartha dín a fheistiú in áit ar bith atá caighdeánach faoi láthair, i.e. trasna an dín, cuirtear thar ar 50% leis an gcumhacht atá ag teastáil chun an carr a thiomáint tríd an aer. Cé nach bhfuil gach uile rud cothrom, léirítear leis sin go bhfuil méadú 50% ar úsáid breosla agus beidh droch-éifeacht aige ar astaíochtaí truailleán foriomlána.

Is é an t-aon ionad comhartha amháin a raibh éifeacht neamhshuntasach aige ar an gcumhacht tiomána atá de dhíth ná an comhartha a fheistiú sa lár, ar a fhad, i.e. tosach go cúl. Cuireann sé sin thart ar 3% ar an meán leis an gcumhacht atá ag teastáil.